

# TAPAIGH AN DEIS

## An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

### Slí duitse an beartas Eorpach a mhúnlú

AN TAONTAS EORPACH



# Buneolas faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

Is deis atá sa Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas daonlathach Eorpach le gur féidir leat dul i gcion ar bheartais an Aontais a mbíonn tionchar acu ar do shaol.

Is tionscnamh é an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh nach bhfuil a mhacasamhail le fáil. Is é an chéad uirlis é a ligeann do shaoránaigh as Ballstáit éagsúla teacht le chéile chun athruithe praiticiúla dlí a mholadh i gcomhar le chéile. Is féidir leat, mar shaoránach den Aontas Eorpach, grúpa a bhunú chun tionscnamh nua a sheoladh nó tacú le tionscnamh atá ann cheana féin.

Chun tionscnamh a sheoladh, teastaíonn **7 saoránach den Aontas**, a bhfuil cónaí orthu i **7 mBallstát éagsúla** ar a laghad agus atá sean go leor chun vóta a chaitheamh. Ar **1 mhilliún síniú** a bheith bailithe ar son tionscnaimh, cinneann an Coimisiún cad iad na bearta is gá a dhéanamh ina leith.

Is féidir tionscnamh ó na saoránaigh a eagrú in aon réimse ina bhfuil an chumhacht ag an gCoimisiún Eorpach reachtaíocht a mholadh, mar shampla an comhshaol, cosaint do thomhaltóirí, talmhaíocht, iascaireacht, fuinneamh, iompar nó trádáil.



# An chumhacht chun beart a dhéanamh i dtaca le hábhair ar cás leat iad

Seans go bhfuil smaoineamh agat faoin dóigh le dul i ngleic le dúshlán sóisialta nó comhshaoil atá romhainn san Eoraip, ach go measann tú nach leor do ghuth féin amháin le go dtabharfaí cluas duit? Is féidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh cabhrú i gcásanna den sórt sin. Déantar sin trí dheis a thabhairt duit baint a bheith agat le cúiseanna a gcreideann tú iontu agus do mholtaí a chur in iúl ar bhealach soiléir praiticiúil.


A bhuí leis an uirlis seo, is féidir leat tionchar a imirt ar an gclár oibre Eorpach agus athruithe chun feabhais a bhaint amach sna hábhair ar cás leat iad. Neartaíonn an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh do ghuth agus tugann sé an chumhacht duitse tús a chur le próiseas déanta beartais an Aontais Eorpaigh.




# Líonraí a chruthú agus díospóireacht a chothú

Tá comhluachanna againne, saoránaigh na hEorpa, agus, fiú más i dtíortha éagsúla atá cónaí orainn, is féidir díocas a bheith orainn sna hábhair chéanna. A bhuí leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, is féidir leat teacht le chéile le daoine as gach cearn den Aontas Eorpach chun tacú le hábhar a bhfuil bhur gcroí is bhur n-anam ann, díospóireacht a chothú ina leith agus athchóirithe a thosú.

Tríd an deis a thabhairt do shaoránaigh ó thíortha éagsúla tuairimí a mhalartú agus dul i gcomhar le chéile, tá an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar cheann de na príomhbhealaí atá ag an Aontas Eorpach chun borradh a chur faoin daonlathas rannpháirtíochta.




# Labhairt go díreach leo siúd a dhéanann na cinntí

Leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, is féidir le daoine ar fud an Aontais Eorpaigh an t-ábhar imní atá acu a chur ar a súile do lucht déanta cinntí.

Cé gur maith an rud é i gcónaí smaointe a mhalartú, tá sprioc níos praiticiúla i gceist leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Is é an aidhm atá leis i ndeireadh na dála ná dul i bhfeidhm ar bheartais agus athruithe a chur chun cinn. Nuair atá an milliún síniú bailithe, cuireann na heagraithe an t-éileamh atá acu i láthair don Choimisiún Eorpach, ar dtús, agus go poiblí os comhair Pharlaimint na hEorpa ina dhiaidh sin, le deimhin a dhéanamh de go bhfuil an teachtaireacht uathu le cloisteáil go fada fairsing agus go ndéantar é a phlé lena n-ionadaithe agus le daoine eile ar spéis leo an scéal.

Chun tionscnamh a eagrú, cruthaítear líonraí daoine ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach, atá corraithe faoin ábhar céanna. Fágann sin go ndéantar feasacht a ardú agus díospóireacht a chothú, sna meáin freisin, agus go mbíonn an t-ábhar lárnach sa saol polaitiúil dá bharr, fiú i gcásanna nach reachtaíocht Eorpach an toradh a bheidh ar an tionscnamh.

# Na príomhchéimeanna i dtionscnamh ó na saoránaigh

KA-02-19-868-GA-N

1. An tionscnamh a ullmhú agus grúpa d'eagraithe a bhunú;
2. An Coimisiún an tionscnamh a chlárú agus aistriúchán go gach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh a chur ar fáil. I gcás tograí atá (go páirteach) lasmuigh de réimse cumhachtaí an Choimisiúin, is féidir leis na heagraithe iad a athbhreithniú agus is féidir iad a chlárú i bpáirt;
3. An tionscnamh a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh;
4. Ráitis tacaíochta a bhailiú, ar pháipéar agus/nó ar líne;
5. Na húdaráis náisiúnta na ráitis tacaíochta a fhíorú;
6. An tionscnamh a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh;
7. Cruinniú le hionadaithe ón gCoimisiún;
8. Éisteacht phoiblí agus measúnú ar an tacaíocht pholaitiúil ó Pharlaimint na hEorpa;
9. Freagra oifigiúil ón gCoimisiún Eorpach;
10. An Coimisiún obair leantach a dhéanamh ar na bearta atá molta.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, nó chun liosta na dtionscnamh ar féidir tacú leo faoi láthair a fheiceáil, téigh chuig:
**europa.eu/citizens-initiative**

**#EUTakeTheInitiative**

© An tAontas Eorpach, 2019
Údaraítear athúsáid ach an fhoinse a admháil.
Déantar beartas atáirgthe dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

ISBN 978-92-76-12275-3 – DOI 10.2792/2128